

# Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna  
Leitir Ceanainn  
Tír Chonaill

Uimhir Rolla 7608IF

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

**Tréimhse na Tuairisce:** *Meán Fómhair 2021 – Meitheamh 2022*

**Dáta eisiúna na tuairisce:** 3 Meitheamh 2022

*An English Language summary is provided at the end of this document*

# Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

## 1. Réamhrá

### 1.1 Fócas na meastóireachta

I ndiaidh bliain go leith a bhí suaite go maith mar gheall ar an phaindéim dhomhanda Covid 19, chuir foireann Choláiste Ailigh Plean Feabhsúcháin Scoile éigeandála i bhfeidhm don scoilbhliain 2021-2022 a bhí bunaithe ar dhá rud: a) folláine na ndaltaí agus na múinteoirí agus b) scileanna teicneolaíochta. Bailíodh aiseolas ón fhoireann teagasc in Aibreán 2022 maidir le cur i bhfeidhm an PFS éigeandála agus tá torthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an PFS éigeandála tugtha thíos

Sna seachtainí roimh thús na chéad dianghlasála i Márta 2020, bailíodh eolas agus tuairimí faoin teagasc agus faoin fhoghlaim i gColáiste Ailigh ó pháirtithe oideachais na scoile agus scríobhadh tuairisc faoi thátail an eolais sin. As siocair gur cuireadh isteach ar ghnáthoibriú na scoile ar feadh bliain go leith ina dhiaidh sin, socraíodh go bhféadfaí an tuairisc sin go dtí go mbeadh an scoil ag feidhmiú mar is ceart arís.

Bunaithe ar eispéireas na scoile le bliain go leith anuas, ar thuairiscí ó choistí éagsúla scoile agus ar an tuairisc ó pháirtithe oideachais Choláiste Ailigh, shocraigh an fhoireann ag cruinnithe idir Márta agus Aibreán 2022 ar thrí thosaíocht do Phlean Feabhsúcháin Scoile 2022 - 2023: a) **Labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí, na múinteoirí agus pobal na scoile;** b) **Aird a tharraingt ar an méid obair bhaile atá á thabhairt do dhaltaí agus féachaint an féidir an brú a bhíonn ar dhaltaí a laghdú;** c) **Scileanna ríomhaireachta na ndaltaí a fheabhsú.**

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is gaelcholáiste pobail measctha é Coláiste Ailigh. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar scoláirí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí 287 scoláire cláraithe sa scoil ar an 1 Meán Fómhair 2021. Thosaigh 56 sa Chéad Bhliain agus astu sin, tháinig 53 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne 3 dhalta freastal ar bhunscoileanna ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na scoláirí agus pobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus, ar an ábhar sin, déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh). Bíonn rogha ag scoláirí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cúrsa na hIdirbhliana a dhéanamh.

### 1.3 Bailiú na Fianaise


I mí Feabhra 2020, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe uile an oideachais i gColáiste Ailigh. Mar gheall ar Covid 19, níor úsáideadh an t-eolas seo in 2020 agus 2021 ach baineadh úsáid as in 2022.

Chuir coistí éagsúla sa scoil, mar shampla an coiste teicneolaíochta agus an roinn riachtanais speisialta, moltaí os comhair na múinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim.


Rinne na ranna éagsúla ábhair scrúdú ar thorthaí na scrúduithe stáit ina n-ábhair féin agus eisíodh ceistneoir ar na múinteoirí in Aibreán 2022 chun eolas a bhailiú faoi chur i bhfeidhm PFS 2021-2022.

## 2. Na tátail

*Seo a leanas cáilíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:*




- A. Ar an iomlán gnóthaíonn scoláirí Choláiste Ailigh marcanna atá os cionn an mheáin naisiúnta i scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta.
- B. Thug 89% de na daltaí le fios gur mhaith leo cruthú go maith sna scrúduithe, dúirt 70% go raibh múinteoirí maithe acu agus dúirt 81% go raibh sé furasta na múinteoirí a thuigbheáil. Dúirt 69% go bhfuil siad compordach ceist a chur ar an mhúinteoir nuair nach dtuigeann siad rud éigin.
- C. In ainneoin gur thug bainistíocht na scoile le fios go mbaintear úsáid éifeachtach as Comhairle na nDaltaí le guth a thabhairt do dhaltaí, thug 56% de na daltaí le fios nach n-éisteanann na múinteoirí lena gcuid tuairimí.
- D. Thug na múinteoirí le fios go mbítear ag súil le torthaí maithe agus go mbíonn cumarsáid agus teagasc maith ag tarlú sna ranganna den chuid is mó ach go bhfuil obair le déanamh ar an fhoghlaim neamhspleách.
- E. Thug roinnt tuismitheoirí le fios go ndéanann an scoil freastal maith ar dhaltaí atá maith ag cúrsaí acadúla agus cúrsaí spóirt ach nach ndéantar an cúram céanna do dhaltaí nach bhfuil chomh maith sin.
- F. Bhí inní ar roinnt tuismitheoirí maidir leis an ualach obair bhaile agus an brú a bhíonn ar dhaltaí, go háirithe i mblianta scrúduithe.



- A. Thug 81.8% de na tuismitheoirí le fios go raibh a gcuid páistí sásta ar scoil agus thug 88.3% le fios go raibh dul chun cinn maith nó an-mhaith déanta ag a bpáistí san fhoghlaim.
- B. D'ardaigh tuismitheoirí roinnt ceisteanna maidir le folláine na ndaltaí, go háirithe i réimse an spóirt, an brú le hobair bhaile agus le caidrimh phearsanta, ach aontaíodh ar an iomlán go raibh atmaisféar cairdiúil sa scoil.

- C. Thug 77% de na daltaí go raibh sé furasta a bheith ag foghlaim i gColáiste Ailigh agus dúirt 74% go nglacann siad freagracht as a bhfoghlaim féin.
- D. Tá feabhas le feiceáil sa fhreagracht phearsanta a ghlacann daltaí as a gcuid oibre féin agus san fhéinmheasúnú ach gur féidir tuilleadh oibre ar mhodhanna foghlama a theagasc do dhaltaí.
- E. Tá timpeallacht dhearfach spreagúil foghlama sa scoil agus tá samplaí d'obair na ndaltaí ar taispeáint ar na ballaí.
- F. Measadh gur féidir tuilleadh oibre a dhéanamh i bhforbairt scileanna ríomhaireachta na ndaltaí.



- A. D'ardaigh páirtithe an oideachais roinnt ceisteanna faoi chaighdeán labhairt na Gaeilge sa scoil i measc múinteoirí agus daltaí.
- B. Tá scileanna maithe cumarsáide ag na múinteoirí agus tá méid áirithe comhoibriú ag tarlú idir múinteoirí (teagasc foirne etc) ach is féidir cur leis sin go fóill.
- C. Ó tharla Covid 19, tá múinteoirí Choláiste Ailigh ag roinnt a gcuid sainscileanna ar mhúinteoirí eile níos mó ná riamh. Is fiú cur leis sin ar bhonn leanúnach.
- D. Mothaíonn múinteoirí nach dtugtar go leor ama dóibh (go háirithe má tá siad leo féin i roinn) obair roinne a dhéanamh, go gcuirtear isteach le roinn eile iad ag cruinnithe Pháirc Uí Chrócaigh etc.
- E. Thug bainistíocht na scoile le fios go n-eagraítear cruinnithe maidir le scileanna teagaisc agus ceannaireachta.
- F. Tá feabhas mór tagtha ar scileanna ríomhaireachta/teicneolaíochta na múinteoirí.

### 3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

Chuir an scoil CÚIG sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2021-2022:

- A. Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- B. Cur le cúram na scoile i dtaobh meabhairshláinte agus sláinte ghinearálta na múinteoirí agus na ndaltaí.
- C. Forbairt a dhéanamh ar an chomhoibriú foirne.
- D. An próiseas aistrithe scoile a éascú do dhaltaí nua.
- E. Tuilleadh cuidiú a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, aontaíodh ar 9 ngníomh:

- Úsáid a bhaint as *VShare* chun tinreamh/easpa tinrimh na ndaltaí a chlárú.
- Clár/scarbhileog a chur ar fáil ar féidir le múinteoirí a úsáid le fadhbanna TFC a chlárú.

- Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.
- Lón a eagrú sa scoil do na múinteoirí ar an Aoine uair sa mhí.
- Club cultúrtha/sóisialta ar nós club leabhair a bhunú do na múinteoirí.
- Na treoracha iomlán ó NPHEIT agus FSS maidir le Covid 19 a chur i bhfeidhm sa scoil.
- Traenáil a chur ar fáil do mhúinteoirí sa teagasc foirne leis an FSGM (PDST) agus tús a bheith curtha leis sna ranganna Riachtanas Speisialta agus Corpoideachais.
- Clár úr do dhaltáí atá ag aistriú ón bhunscoil go dtí an mheánscoil a chur i bhfeidhm do dhaltáí na Chéad Bhliana.
- Seomra cothaithe a chur ar fáil do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Ag tógáil ar an obair a rinneadh anuraidh mar chuid de PFS 2020-2021, cuireadh le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí. Bhí méadú mór ar líon múinteoirí a bhain úsáid éifeachtach as VSware, laghdú ar líon na múinteoirí a raibh deacrachtaí teicniúla acu agus méadú ar líon na múinteoirí a raibh deacrachtaí acu a bhain úsáid as an scarbhileog chun cuidiú a aimsiú. Bhíothas ag súil leis i PFS 2021-2022 go dtabharfadh 80%+ de na múinteoirí le fios gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna teicneolaíochta. Thug **82.6%** de na múinteoirí le fios gur tháinig feabhas orthu. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC A a bhaint amach.**

I rith na bliana, eagraíodh bricfeasta nó lón go rialta do na múinteoirí. Thug **82.6%** de na múinteoirí le fios gur chuir seo go mór leis an atmaisféar sa scoil. Bhíothas ag súil leis fosta i bPFS 2021-2022 go nglacfaidh ar a laghad 50% den fhoireann páirt in imeachtaí cultúrtha/sóisialta a eagraíodh. Thug **52.2%** de na múinteoirí le fios gur ghlac siad páirt in imeacht foirne den chineál sin. Bhí **91.3%** den fhoireann den tuairim gur cuireadh na moltaí uilig nó an chuid is mó de na moltaí a rinne FSS agus NPHEIT i bhfeidhm sa scoil i rith na bliana. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC B a bhaint amach.**

Cuireadh traenáil ar fáil sa teagasc foirne leis an FSGM (PDST) agus ghlac 34.8% den fhoireann (8 múinteoir) páirt ann. Astu siúd a fuair oiliúint sa teagasc foirne, dúirt 36.4% (4 mhúinteoir) gur bhain siad úsáid as ina gcuid ranganna. Cé gur féidir tógáil air seo amach anseo, **d'éirigh leis an scoil SPRIOC C a bhaint amach.**

Cuireadh clár agus leabhrán le chéile chun cuidiú le daltaí nua atá ag aistriú ón bhunscoil go dtí an mheánscoil. Thug **47.8%** de na múinteoirí le fios nach raibh a fhios acu go raibh clár agus leabhrán ann, thug **30.4%** le fios nár úsáid siad iad, ní raibh an chéad bhliain ag **17.4%** agus dúirt **4.3%** (múinteoir amháin) gur bhain sé úsáid astu. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC D a bhaint amach sa dóigh is gur cuireadh an clár agus leabhrán ar fáil, ach tá obair le déanamh an clár nua a chur i bhfeidhm feasta.**

Bhíothas ag súil leis i bPFS 2021-2022 go mbeadh seomra ar fáil do dhaltáí a bhfuil riachtanais ar leith acu, seomra ina mbeidh troscán, acmhainní agus áiseanna cuí agus go mbeadh coinníollacha ag baint le húsáid an tseomra. **D'éirigh leis an scoil an chuid is mó de SPRIOC E a bhaint amach. Tá seomra ar fáil, troscán ann agus coinníollacha leagtha síos faoin úsáid as bhainfear as. Níl na hacmhainní agus na háiseanna a rabhthas ag dréim leo ann go fóill, ach beidh an seomra in úsáid mar is ceart i Meán Fómhair 2022.**

## 4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

### 4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- a) Tá feabhas leanúnach le feiceáil i scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí.

- b) Tá atmaisféar maith sa scoil agus fianaise ann go bhfuil foireann na scoile feasach ar na dúshláin a bhain le Covid 19 agus gníomhach in imeachtaí chun meabhairshláinte phobal na scoile a fheabhsú.
- c) Tá an scoil ag cur leis na hiarrachtaí a dhéanann sí comhoibriú foirne a chur chun cinn.

**4.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:**

- Cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na ndaltaí.
- Laghdú ar an bhrú agus ar an strus a bhíonn ar dhaltaí, go háirithe maidir le hobair bhaile.
- Labhairt agus úsáid na Gaeilge a spreagadh i bpobal na scoile.

**4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:**

Tá gach riachtanas reachtúil agus rialachais á chomhlíonadh ag an scoil.

# Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh, 2022-2023

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí inar féidir linne, mar fhoireann, feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

## Spriocanna Feabhsúcháin 2022-2023

- Labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí, na múinteoirí agus pobal na scoile
- Freastal agus aird a tharraingt ar an méid obair bhaile atá á thabhairt do dhaltai
- Scileanna ríomhaireachta na ndaltaí a fheabhsú

Gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm:

### GNÍOMH 1

<b>Gníomh</b>	Duais aitheantais a bhronnadh ar dhaltai as gach bliainghrúpa a dhéanann sáriarracht maidir le labhairt na teanga i ngnáthshaol na scoile.
<b>Freagrach</b>	Gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2022 - Meitheamh 2023
<b>Critéir Ratha</b>	Baileofar eolas ón fhoireann teagaisc agus bronnfar duaiseanna ar dhaltai a mbeidh sáriarracht déanta acu ag Oíche na nDuaiseanna 2023.

### GNÍOMH 2

<b>Gníomh</b>	Bunófar coiste 'Gaelbhreach' le hionadaithe ó na daltaí agus ó fhoireann na scoile le himeachtaí a stiúradh do na daltaí uilig i rith na bliana.
<b>Freagrach</b>	Gach roinn ábhair sa scoil.
<b>Fráma Ama</b>	Bunófar an coiste i Meán Fómhair 2022 agus oibreoidh sé go dtí Meitheamh 2023.
<b>Critéir Ratha</b>	Cuirfear féilire sealadach le chéile roimh bhriseadh na Samhna agus eagrófar mórimeacht amháin (cuairt scoile, ceolchoirm, Seachtain na Gaeilge etc) gach téarma.

### GNÍOMH 3

<b>Gníomh</b>	Déanfaidh foireann na scoile athbhreithniú ar pholasaí obair bhaile na scoile.
<b>Freagrach</b>	Gach múinteoir
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair - Deireadh Fómhair 2022
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh athbhreithniú déanta ag gach roinn ar pholasaí obair bhaile na scoile agus beidh moltaí ag gach roinn le cur os comhair na foirne uilig ag cruinniú Pháirc Uí Chrócaigh ag tús mhí na Samhna.

### GNÍOMH 4

<b>Gníomh</b>	Déanfar imscrúdú ag leibhéal roinne ar na moltaí a thagann as cruinniú mhí na Samhna (féach gníomh 3).
<b>Freagrach</b>	Gach roinn
<b>Fráma Ama</b>	Le bheith déanta roimh chruinniú Pháirc an Chrócaigh ag tús mhí Mhárta.
<b>Critéir Ratha</b>	Cuirfear am ar fáil don obair seo agus beidh doiciméad réidh le cur os comhair páirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh faoi Mhí Mhárta 2023.

## GNÍOMH 5

<b>Gníomh</b>	Déanfaidh Comhairle na nDaltaí, An Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí athbhreithniú ar an pholasáí nua obair bhaile.
<b>Freagrach</b>	Príomhoide agus Siobhán Ní Laighneach
<b>Fráma Ama</b>	Márta 2023 – Meitheamh 2023
<b>Critéir Ratha</b>	Gheofar aiseolas ó pháirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh agus ceadóidh an Bord Bainistíochta an polasaí nua obair bhaile.

## GNÍOMH 6

<b>Gníomh</b>	Eagrófar seisiún ríomhaireachta mar chuid d'ionduchtú na Chéad Bhliana ag tús na scoilbhliana
<b>Freagrach</b>	Helen Uí Cheallaigh & Príomhoide Tánaisteach
<b>Fráma Ama</b>	An chéad 2 sheachtain den scoilbhliain nua.
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh an Chéad Bhliain ábalta logáil isteach ar chóras ríomhaireachta na scoile, beidh siad ábalta ríomhphost a oscailt agus beidh gach dalta cláraithe le <i>Edmodo</i> .

## GNÍOMH 7

<b>Gníomh</b>	Cuirfear cúrsa ar an Teicneolaíocht Fáisnéise agus Chumarsáide (TFC) ar chlár ama na scoile don Chéad Bhliain.
<b>Freagrach</b>	Príomhoide & Príomhoide Tánaisteach
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2023
<b>Critéir Ratha</b>	Beidh tréimhse ranga ar amchlár na ndaltaí Chéad Bhliana don TFC. Beidh na daltaí ábalta <i>Google Slides</i> a úsáid, scarbhileog a chruthú, postair a dheardh agus <i>Google Docs</i> a úsáid.

## GNÍOMH 8

<b>Gníomh</b>	Socróidh gach roinn go mbainfeadh gach múinteoir sa roinn sin úsáid as ceann de na feidhmchláir atá luaite i nGníomh 7 ina rang leis na daltaí Chéad Bhliana.
<b>Freagrach</b>	Gach roinn ábhar agus múinteoirí na Chéad Bhliana.
<b>Fráma Ama</b>	Meán Fómhair 2022 - Márta 2023
<b>Critéir Ratha</b>	Deimhneoidh gach roinn i Mí Mhárta ar scarbhileog go bhfuil sé curtha i gcrích.

## Dátaí athbhreithnithe

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2023 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2023.



# Aguisín 1

## Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

Saincheist	Reachtaíocht, rialail nó imlitir chúil	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreachaí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2019-20	2020-21	2021-22	
Clárú bailí scoláirí	M51/93	Tá	Tá	Tá	
Am sa scoil - Fad na scoilbhliana (íosmhéid 167 lá do gach bliainghrúpa) - Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghrúpa)	Imlitir M29/95	Tá	Tá	Tá	
Caigndeánú na scoilbhliana	Ciorclán 034/2011	Tá	Tá	Tá	
Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne	Imlitir M58/04	Tá	Tá	Tá	
Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm	Ciorclán 25/12	Tá	Tá	Tá	
Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhreise a chur i ngníomh	Ciorclán 025/2011	Tá	Tá	Tá	
Plean Scoile a chur le chéile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal	Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c))	Tá	Tá	Tá	
Plean treorach na scoile uile	Alt 21 den Acht Oideachais 1998	Tá	Tá	Tá	
OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach	Imlitir M12/01 Imlitir M13/05	Tá	Tá	Tá	
Díolúine ar staidéar ar an Ghaeilge	Imlitir M1 0/94	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh	Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97	Tá	Tá	Tá	
Maolú srianta ar phoist freagrachta a líonadh don scoilbhliain 2011/12	Ciorclán 53/11	N/B	N/B	N/B	Ní bhaineann le hábhar
Comhaontú seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta	Ciorclán 71/11	Tá	Tá	Tá	
Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas	Imlitir M27/91	Tá	Tá	Tá	

Saincheist	Reachtaíocht, riall nó imlitir chúí	An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cúí?			Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt
		2018-19	2019-20	2020-21	
Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh	Imlitir 65/11	Tá	Tá	Tá	
	Eolas i dtaca le cosaint leanaí				
	• Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Slainte (FSS)	0	1	1	
	• Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid FSS agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	0	1	1	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin	1	4	2	
	• Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi	1	4	0	
Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cúí	Alt 28 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le gearáin a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana.				
	• Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí	1	0	0	
	• Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh	1	0	0	
• Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-íomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo	0	0	0		
Diúltú do chlárú	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiseáladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaíodh	0	0	0	
• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh	0	0	0		

Scoláirí a chur ar fionraí	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo.				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaiódh	0	0	0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaiódh	0	0	0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaiódh	0	0	0	
Scoláirí a dhíbirt ón scoil	Alt 29 den Acht Oideachais 1998				
	Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo				
	• Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil	0	0	0	
	• Líon na gcásanna a éistíodh	0	0	0	
	• Líon na n-achomharc a ceadaiódh	0	0	0	

## Aguisín 2

### Seicliosta Polasaithe

Polasaí	Foinse	Ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta?	Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt?
Polasaí rollaithe	<i>Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998</i>	Tá	
Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.	<i>Imlitir 20/90 Treoirlínte na Roinne Oideachais ar Iompar Bulaíochta a chosc, 1993 Treoirlínte BNLO</i>	Tá	

	<i>Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000</i>		
<b>Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.</b>	<i>Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000 Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011</i>	Tá	
<b>Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta</b>	<i>Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005</i>	Tá	
<b>Cosaint Sonraí</b>	<i>An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe), 2003</i>	Tá	
<b>Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.</b>	<i>An tAcht Oideachais, 1998 Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011) An tAcht Oideachais (Leas), 2000 An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004 An tAcht Míchumais, 2005</i>	Tá	
<b>Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta</b>	<i>Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)</i>	Tá	
<b>Polasaí maidir le cosaint leanaí</b>	<i>Imlitir 0065/2011</i>	Tá	
<b>Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe</b>	<i>Imlitir 24/91</i>	Tá	Gach dualgas á chomhlíonadh
<b>Comhaontú na seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cúntóirí riachtanais speisialta.</b>		Níl	Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann.
<b>Polasaí Staidéir</b>		Tá	
<b>Polasaí Gaeilge</b>		Tá	
<b>Polasaí Teagmhais Chriticiúla</b>		Tá	
<b>Polasaí Curaclaim Bhreise</b>		Tá	
<b>Polasaí Gearáin</b>		Tá	
<b>Polasaí Measúnaithe</b>		Tá	
<b>Polasaí Taistil</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Polasaí OSPS</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Polasaí Teagasc Críostaí</b>		Níl	Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill.
<b>Plean Freagartha Covid-19</b>		Tá	

# Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2020-2021

## *Summary of findings*

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a School Improvement Plan (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

As of 1 September 2022, there were 287 pupils in Coláiste Ailigh. 56 students started in First Year and, apart from 3, all of those attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

### Gathering of information & Self-evaluation

In February 2020, a major survey of all the education partners in Coláiste Ailigh was carried out and a report on the findings was prepared, however with the start of the Covid 19 pandemic in March 2020 and subsequent school closures in 2020 and 2021, this information had not been used. It was, however, used as a basis for school self-evaluation in 2022. Various school committees contributed evidence, each subject department examined students' results in the state examinations and a questionnaire was circulated amongst teachers to gather feedback.

This information was discussed and examined in subcommittees and strengths and weaknesses in Coláiste Ailigh were identified. Based on this a School Improvement Plan (SIP) was developed to build on strengths and to address weaknesses. It was decided that the SIP and the focus for school self-evaluation for 2022-2023 would concentrate on three areas: a) **strategies to improve the use of Irish amongst students and teachers**; b) **reducing the pressure on students regarding homework** and c) **improving students' computer skills**. The SIP can be found on pages 6-7 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

### Progress in previously identified improvement goals

In the School Improvement Plan 2021-2022, five goals were identified:

1. The further development of teachers' computer and technology skills. **This goal was achieved.**
2. To assist with the mental and general health of teachers and students. **This goal was achieved.**
3. To develop team teaching. **This goal was achieved but there is room for further improvement.**
4. A programme to facilitate students' transition from primary to secondary school. **A programme was developed but further work is needed to ensure its effective implementation.**
5. To create a specific room with proper resources for students with particular and special needs. **This goal was achieved but some small issues still need to be resolved. The room will be fully functional by the time students return in September.**

### Summary of the conclusions:

The following were identified as strengths:

- a) Teachers' computer and technology skills are strong.

- b) There is a good atmosphere in the school and significant work has been done to ensure the mental and general health of staff and students.
- c) The school is developing a more cooperative approach to teaching and learning.

The following were identified as areas of possible improvement:

- a) Further development of students' computer and technology skills is desirable.
- b) Work should be done to improve and encourage the use of Irish amongst students and teachers.
- c) A strategy could be developed to reduce homework pressure for students.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.